C/2025/5243

29.9.2025

CINNEADH ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Iúil 2025

lena dtugtar treoir do riarthóir lárnach Chlárlann an Aontais athruithe ar tháblaí náisiúnta leithdháilte na Liotuáine agus na Sualainne a chur isteach i gClárlann an Aontais

(C/2025/5243)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 389/2013 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2013 lena mbunaítear Clárlann de chuid an Aontais de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Chinneadh Uimh. 280/2004/CE agus Chinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 920/2010 ón gCoimisiún agus Rialachán Uimh. 1193/2011 ón gCoimisiún [1], agus go háirithe an dara fomhír d'Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 27 Aibreán 2011 ghlac an Coimisiún Cinneadh 2011/278/AE [2] lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha le haghaidh lamháltais astaíochtaí a leithdháileadh saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [3]. De bhun Airteagal 27 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún [4], leanann Cinneadh 2011/278/AE d'fheidhm a bheith aige maidir le leithdháiltí a bhaineann leis an tréimhse roimh an 1 Eanáir 2021. Baineann gach leithdháileadh faoina dtugtar fógra dá dtagraítear sa chinneadh seo le leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce le haghaidh na tréimhse ó ó 2013 go 2020.

(2) An 5 Meán Fómhair 2013, ghlac an Coimisiún Cinneadh 2013/448/AE [5] maidir le bearta náisiúnta trasuite le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh na tréimhse idir 2013 agus 2020, de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE.

(3) Le Cinneadh 2014/9/AE [6], rinne an Coimisiún Cinneadh 2010/2/AE [7] agus Cinneadh 2011/278/AE a leasú a mhéid a bhaineann le liosta earnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol mór sceite carbóin (dá ngairtear 'liosta sceite carbóin' anseo feasta).

[1] IO L 122, 3.5.2013, lch. 1.

[2] Cinneadh 2011/278/AE ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2011 lena gcinntear rialacha uile-Aontais idirthréimhseacha maidir le leithdháileadh comhchuibhithe lamháltas astaíochtaí saor in aisce de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 130, 17.5.2011, lch. 1).

[3] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32).

[4] Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/331 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 lena gcinntear rialacha idirthréimhseacha uile-Aontais le haghaidh leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce ar bhealach comhchuibhithe de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 59, 27.2.2019, lch. 8)

[5] Cinneadh 2013/448/AE ón gCoimisiún an 5 Meán Fómhair 2013 maidir le bearta náisiúnta trasuite le haghaidh leithdháileadh saor in aisce idirthréimhseach lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 11(3) de Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 240, 7.9.2013, lch. 27).

[6] Cinneadh 2014/9/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 lena leasaítear Cinneadh 2010/2/AE agus Cinneadh 2011/278/AE a mhéid a bhaineann leis na hearnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol mór sceite carbóin (IO L 9, 14.1.2014, lch. 9).

[7] Cinneadh 2010/2/AE ón gCoimisiún an 24 Nollaig 2009 lena gcinntear, de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, liosta earnálacha agus fo-earnálacha a mheastar a bheith i mbaol suntasach sceite carbóin (IO L 1, 5.1.2010, lch. 10).

(4) Le Cinntí C(2013) 9281 ([8]), C(2014) 123 ([9]), C(2014) 674 ([10]) agus C(2014) 1167 ([11]), thug an Coimisiún treoir don riarthóir lárnach táblaí náisiúnta leithdháilte agus táblaí náisiúnta leithdháilte athbhreithnithe na Beilge, na Bulgáire, na Seicia, na Danmhairge, na Gearmáine, na hEastóine, na hÉireann, na Gréige, na Spáinne, na Fraince, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na Liotuáine, Lucsamburg, na hUngáire, na hÍsiltíre, na hOstaire, na Polainne, na Portaingéile, na Rómáine, na Slóivéine, na Slóvaice, na Fionlainne agus na Sualainne a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

(5) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 389/2013, Airteagal 52(2), an chéad fhomhír, thug an Liotuáin fógra don Choimisiún, le litir dar dháta an 16 Iúil 2025, maidir le hathruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta chun leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce a chur ar fáil mar thoradh ar scor páirteach gníomhaíochtaí agus téarnamh leibhéil na ngníomhaíochtaí ina dhiaidh sin.

(6) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 389/2013, Airteagal 52(2), an chéad fhomhír, thug an Liotuáin fógra don Choimisiún, le litir dar dháta an 4 Iúil 2025, maidir le hathruithe ar a tábla leithdháileacháin náisiúnta chun leithdháileadh lamháltas astaíochtaí saor in aisce a chur ar fáil mar thoradh ar scor páirteach gníomhaíochtaí agus téarnamh leibhéil na ngníomhaíochtaí ina dhiaidh sin.

(7) Na hathruithe faoina dtugtar fógra ar tháblaí leithdháileacháin náisiúnta na Liotuáine agus na Sualainne, tá siad i gcomhréir le Cinneadh 2011/278/AE. Dá bhrí sin, ba cheart treoir a thabhairt don riarthóir lárnach na hathruithe sin a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal Aonair

Déanfaidh an riarthóir lárnach na hathruithe ar tháblaí leithdháileacháin náisiúnta na Liotuáine agus na Sualainne a leagtar amach san Iarscríbhinn a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Wopke HOEKSTRA
Comhalta den Choimisiún

([8]) Cinneadh C(2013) 9281 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le treoir a thabhairt don riarthóir lárnach chun táblaí náisiúnta leithdháilte na hOstaire, na Gréige, na hÉireann, na Laitvia, na hÍsiltíre, na Portaingéile, na Sualainne agus na Ríochta Aontaithe a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

([9]) Cinneadh C(2014) 123 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2014 maidir le treoir a thabhairt don riarthóir lárnach chun táblaí náisiúnta leithdháilte Phoblacht na Seice, na Danmhairge, na Fraince, na Liotuáine, na hUngáire agus na Slóvaice a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

([10]) Cinneadh C(2014) 674 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 maidir le treoir a thabhairt don riarthóir lárnach chun táblaí náisiúnta leithdháilte na Beilge, na Gearmáine, na hEastóine, Lucsamburg, na Slóivéine agus na Fionlainne a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

([11]) Cinneadh C(2014) 1167 ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2014 maidir le treoir a thabhairt don riarthóir lárnach chun táblaí náisiúnta leithdháilte na Bulgáire, na Spáinne, na Cróite, na hIodáile, na Cipire, na Laitvia, na Polainne, na Rómáine agus na Ríochta Aontaithe a chur isteach i gClárlann an Aontais Eorpaigh.

IARSCRÍBHINN I

Athruithe ar an tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse idir 2013 agus 2020 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE (Bearta náisiúnta trasuite)

Ballstát an Liotuáin

Uimhir aitheantais na suiteála (Iontrálaithe nua agus clabhsúir)	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm an oibreora	Ainm na suiteála	Cainníocht atá le leithdháileadh								Cainníocht atá le leithdháileadh ón gcúlchiste le haghaidh iontrálaithe nua in aghaidh na suiteála
				2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	
LT000000000000055	55	AB ‘Klaipėdos energija’	Elektrinė	65 996	59 060	26 161	11 449	9 869	8 340	6 860	0	187 735
LT000000000000063	63	AB ‘Panevėžio energija’	Panevėžio RK-2	36 631	32 779	7 259	12 702	10 942	9 239	15 182	6 006	130 740
LT000000000000066	66	AB ‘Panevėžio energija’	Pasvalio RK	6 141	5 495	1 217	0	0	0	636	1 007	14 496
LT000000000000079	79	UAB ‘Litesko’ filialas ‘Biržų šiluma’	Biržų Rotušės katilinė	2 298	2 056	1 821	1 594	1 373	580	953	377	11 052
LT000000000000102	102	AB ‘Panevėžio energija’	Panevėžio termofikacinė elektrinė	31 974	28 614	12 675	22 187	19 125	8 081	0	0	122 656
LT000000000000060	60	UAB ‘Šalčininkų šilumos tinklai’	Šalčininkų centrinė katilinė	4 475	3 945	3 494	765	2 634	2 224	1 827	1 446	20 810
LT000000000000070	70	AB ‘Kauno energija’	Pergalės katilinė	1 344	1 183	1 048	459	395	667	548	434	6 078
LT000000000000073	73	AB ‘Kauno energija’	Garliavos katilinė	5 788	4 899	0	0	0	0	0	0	10 687
LT000000000000081	81	UAB ‘Litesko’ filialas ‘Telšių šiluma’	Luokės katilinė	9 448	8 456	7 489	3 277	2 823	2 384	1 959	1 549	37 385
LT000000000000086	86	UAB ‘Litesko’	Alytaus rajoninė katilinė	54 283	48 578	43 035	18 834	32 468	27 438	22 570	17 877	265 083
LT000000000000036	36	AB ‘Jonavos šilumos tinklai’	Jonavos RK	25 493	22 814	5 052	4 420	3 808	3 215	2 642	0	67 444
			IOMLÁN	243 871	217 879	109 251	75 687	83 437	62 168	53 177	28 696	874 166

Athruithe ar an tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse 2013-2020 de bhun Airteagal 10a(7) de Threoir 2003/87/CE (Cúlchiste le haghaidh iontrálaithe nua)

Ballstát an tSualainn

Uimhir aitheantais na suiteála (Iontrálaithe nua agus clabhsúir)	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm an oibreora	Ainm na suiteála	Cainníocht atá le leithdháileadh								Cainníocht atá le leithdháileadh ón gcúlchiste le haghaidh iontrálaithe nua in aghaidh na suiteála
				2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	
SE-new-202298-SE-000000000202298	202298	HVC Kopparslagaren	Härjeåns Energi AB		587	1 976	1 729	1 491	630	518	821	7 752
			IOMLÁN	0	587	1 976	1 729	1 491	630	518	821	7 752

Athruithe ar an tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na tréimhse idir 2013 agus 2020 de bhun Airteagal 10a de Threoir 2003/87/CE (Bearta náisiúnta trasuite)

Ballstát an tSualainn

Is iad seo a leanas na leithdháiltí athraithe sa tábla leithdháileacháin náisiúnta le haghaidh na suiteálacha sonraithe:

Uimhir aitheantais na suiteála (Iontrálaithe nua agus clabhsúir)	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm an oibreora	Ainm na suiteála	Cainníocht atá le leithdháileadh								Cainníocht atá le leithdháileadh arna modhnú le sonraí iontrálaithe nua agus clabhsúr in aghaidh na suiteála
				2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	
SE-existing-SE-000000000000423-423	423	Nynas AB, Göteborgsraffinaderiet	Nynas AB, Göteborgsraffinaderi	21 671	21 295	20 914	20 529	20 140	19 748	12 883	18 951	156 131
SE-existing-SE-000000000000458-458	458	Rottneros Bruk	Rottneros Bruk AB	19 668	19 326	18 980	18 631	18 277	17 921	14 340	17 198	144 341
SE-existing-SE-000000000000502-502	502	Volvo Personvagnar AB Karosskomponenter, Olofström	Volvo Personvagnar AB	7 965	7 128	6 314	2 762	3 271	2 762	2 269	1 795	34 266

Uimhir aitheantais na suiteála (Iontrálaithe nua agus clabhsúir)	Uimhir aitheantais na suiteála (Clárlann an Aontais)	Ainm an oibreora	Ainm na suiteála	Cainníocht atá le leithdháileadh								Cainníocht atá le leithdháileadh arna modhnú le sonraí iontrálaithe nua agus clabhsúr in aghaidh na suiteála
				2013	2014	2015	2016	2017	2018	2019	2020	
SE-existing-SE-000000000000068-68	68	HVC Turbingatan	Halmstad Energi och Miljö AB	36 823	34 806	32 837	25 478	29 049	27 229	25 454	23 731	235 407
SE-existing-SE-000000000000744-744	744	PC Röbäck	Umeå Energi AB	5 734	2 566	2 273	994	1 713	2 892	1 189	1 880	19 241